Co-funded by the European Union

# eTwinning
# Pacáiste Tosaigh Tionscadail eTwinning NTI

**LEIBHÉAL:** Tosaitheoir

**AOIS:** 9 - 12 (meánranganna agus ardranganna bunscoile)

**FAD:** 1 mhí (4 rang 1 uaire an chloig an ceann móide tascanna agus acmhainní roghnacha)



**Is féidir na tascanna ar fad a dhéanamh go neamhspleách nó mar bhloc tosaigh NTI thar thréimhse 4 seachtaine**

**Príomhábhair:**
NTI, Gaeilge, Ealaín

## Príomhghníomhaíochtaí an tionscadail *:

* Is féidir tascanna a roghnú de réir mar is gá agus iad a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais na ndaltaí agus ar thaithí na múinteoirí atá rannpháirteach. Féadfaidh na scoileanna comhpháirtíochta fad an tionscadail a chinneadh. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach tasc amháin a dhéanamh in aghaidh na seachtaine le linn na céime tosaigh de NTI do scoile. D'fhéadfadh comhpháirtithe idir 1-4 thasc a roghnú thar thréimhse míosa chun cáilíocht an aschuir a fheabhsú.

## Tascanna: Moltar 1 cheann amháin in aghaidh na seachtaine ar feadh 5 seachtaine

| TASC | GNÍOMHAÍOCHT | UIRLIS A ÚSÁIDTEAR |
|---|---|---|
| **Réamhthionscadal** | Cláróidh na múinteoirí tionscadal agus cruthóidh siad é sula gcuireann an scoil tús leis. Bheadh sé úsáideach dul i gcomhpháirtíocht le scoil eile in Éirinn i dtosach.<br><br>***Tá sé i gceist go mbeadh a NTI roghnaithe ag scoileanna sula dtosóidís ar an tionscadal ach níl sé riachtanach*** | eTwinning ar an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile<br><br>Déan teagmháil le Léargas chun cabhair a fháil chun an tionscadal a chur ar bun más gá nó féach ar ár bhfíseáin tacaíochta. |
| **Tasc 1*:**<br><br>***Sa chás go bhfuil an seomra ranga éagsúil ó thaobh teangacha de**<br><br>**'Feasacht ar theangacha agus ar chultúir a thógáil'** | Cuir ceist ar na daltaí a labhraíonn teangacha eile sa bhaile seachas Béarla | Menti – cruthaigh néal focal & leabaigh ar TwinSpace é<br><br>(D'fhéadfadh go labhraíonn roinnt páistí níos mó ná teanga amháin agus mar sin is féidir níos mó ná freagra amháin a fháil) |
| **Tasc 2: 'Feasacht teanga a fhorbairt'**<br><br>**'Cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha a aithint mar chabhair chun naisc a dhéanamh'** | Cuir an focal 'Heileo (Dia duit)' ar do chlár<br><br>Iarr ar na daltaí obair i ngrúpaí chun póstaeir A4 den fhocal Heileo (Dia duit) a chruthú ina dteanga labhartha féin | Is féidir iad seo a thaispeáint sa seomra ranga.<br><br>Book Creator: Is féidir grianghraif a chur le chéile i leabhar a dhéantar in éineacht |
| | Iarr ar dhaltaí obair i ngrúpaí chun na huimhreacha 1-5 a scríobh agus a mhaisiú sna teangacha baile scríofa | Cruthaigh Padlet de na huimhreacha i scríbhinn & leabaigh ar TwinSpace é |

eTWINNING - PACÁISTE TOSAIGH TIONSCADAIL ETWINNING NTI (NUATHEANGACHA IASACHTA)

| | | |
|---|---|---|
| **Tasc 3:**<br>**'Bain úsáid as eolas, straitéisí agus scileanna a bhfuil máistreacht acu cheana féin i dteanga amháin chun cabhrú le tuiscint, agus cumarsáid i dteanga/i dteangacha eile.'** | Cuir na daltaí i ngrúpaí le ceannaire teanga amháin*<br><br>***ag brath ar líon na dteangacha baile is féidir é seo a dhéanamh mar cheacht ranga iomlán**<br><br>Múinfidh an ceannaire teanga 1-5 dá ngrúpaí ina dteanga dhúchais agus na focail Heileo (Dia duit) agus Slán | Déan na páistí a thaifeadadh nuair atá siad muiníneach, agus uaslódáil chuig Padlet é |
| | | Is féidir leis an dá scoil chomhpháirtíochta Padlet comhroinnte teangacha a bheith acu ina ndéanann daltaí físeán díobh féin agus iad ag labhairt frásaí coitianta a comhaontaíodh roimh ré ina dteanga bhaile<br><br>Leabaigh Padlet ar Twinspace |
| **Tasc 4:**<br>**'Glac páirt i ngnáthaimh, gníomhaíochtaí, tascanna agus idirghníomhaíochtaí an-simplí sa seomra ranga, lena n-áirítear cluichí an-simplí, ag baint úsáide as an T3.'** | Cruthóidh an múinteoir cluiche idirghníomhach simplí leis na frásaí a foghlaimíodh | Cruthaigh cluiche ar Wordwall agus leabaigh ar TwinSpace é<br><br>Imríonn gach scoil chomhpháirtíochta cluiche a chéile |
| | Bainfidh na daltaí úsáid as atlas chun tír dhúchais a gcomhghleacaithe a aimsiú agus na teangacha a labhraítear sa rang a léarscáiliú | Úsáid ZeeMaps agus leabaigh ar TwinSpace |
| **Tasc 5:**<br>**'Aithin focail, ceisteanna, leideanna agus treoracha an-ghairide, an-shimplí sa T3 a bhaineann le gnáthrudaí nithiúla, agus le topaicí pearsanta agus le topaicí atá ar eolas agus taispeáin go tuigtear iad, ag baint úsáide as tacaíochtaí nuair is gá.'** | NTI atá roghnaithe ag an scoil a thabhairt isteach<br><br>Pléigh comparáidí le 'Heileo (Dia duit)' agus na huimhreacha 1-5<br><br>Iarr ar dhaltaí teangacha a chur i gcomparáid lena chéile laistigh den rang<br><br>Tabharfaidh an múinteoir eiseamláir ar an NTI a rá agus déanfaidh na páistí aithris air<br><br>**** Beidh tuiscint ag na páistí cheana féin ar fhoghlaim teanga ón piarshamhlú roimhe seo****<br><br>Cruthóidh na daltaí Padlet NTI comhroinnte nua de fhrásaí nua le haghaidh foghlama idir phiaraí le scoil chomhpháirtíochta | Taispeáin físeán YouTube den NTI roghnaithe .i. comhaireamh nó ag baint úsáide as an bhfocal Heileo (Dia duit)<br>Cuir leaganacha scríofa ar an gclár<br><br>Uaslódáil comparáid ar Padlet comhroinnte<br><br>Padlet |

| | | |
|---|---|---|
| **Tascanna Roghnacha** | Cruthóidh na múinteoirí cluiche idirghníomhach simplí atá bunaithe ar na frásaí tosaigh chun tuiscint na bpáistí a mheas agus a roinnt leis an scoil chomhpháirtíochta<br><br>***Is féidir le múinteoirí leas a bhaint as frásaí atá bunaithe ar thopaicí agus tráth na gceist a leanúint ar an suíomh gréasáin seo, suíomh atá cuimsitheach agus saor in aisce. Tá mórchuid na NTI agus teangacha breise san áireamh.*** | Wordwall |
| **Acmhainní Breise:** | De réir mar a théann na páistí ar aghaidh trína n-aistear teanga d'fhéadfadh na suíomhanna gréasáin seo a bheith cabhrach<br><br>Lig dóibh comparáid a dhéanamh idir teangacha chun cabhrú le foghlaim teangacha | Canúintí Digiteacha<br><br>Lightbulb Languages<br>(bileoga oibre agus scéim oibre)<br><br>Little Red Languages<br>(amhráin, scéalta agus dánta) |

## Measúnú:

- Is féidir suirbhé a dhéanamh atá bunaithe ar dhearcadh na ndaltaí i leith teangacha trí úsáid a bhaint as pobalbhreith ar TwinSpace nó Mentimeter.
- Is féidir leis na múinteoirí machnamh a dhéanamh ar obair agus ar thorthaí an tionscadail trí uirlis suirbhé ar líne. Is féidir é seo a leabú ar TwinSpace.

## Scaipeadh:

- Is féidir le múinteoirí rannpháirteacha obair thionscadail agus torthaí a chur i láthair ag cruinniú foirne.
- D'fhéadfaí nuachtlitir, blag nó postáil ar na meáin shóisialta a chruthú chun obair thionscadail a roinnt le tuismitheoirí agus le scoileanna áitiúla eile.
- D'fhéadfadh na daltaí an leabhar a rinneadh le Book Creator, cluichí agus póstaeir atá déanta acu a chur i láthair ranganna eile.
- Déan teagmháil leis an meánscoil áitiúil chun deis a thabhairt do na daltaí nascadh le daltaí na chéad bhliana maidir leis an NTI roghnaithe.
- Is féidir leis na múinteoirí torthaí tionscadail a roinnt trína leabharlann áitiúil nó trína nIonad Oideachais áitiúil.